2023.M56T

2023L033G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 15 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** ar cheistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Deich** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **dhá** cheist ar bith eile.

**Tá gach ceist i Roinn 2 ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:** 

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás atá ar fáil dó.

| | |
|---|---|
| **CBL (*VAT*)** | |
| **BCE (*ECB*)** | |
| **CCÚT (*DIRT*)** | |

**2.** Scríobh **Rialaitheoir** nó **Éascaitheoir** i ndiaidh gach ceann de na gníomhartha a leanas le cur in iúl cé acu atá na gníomhartha seo ina samplaí de bhainisteoir ag feidhmiú mar Rialaitheoir nó mar Éascaitheoir.

| | **Gníomh** | **Rialaitheoir** nó **Éascaitheoir** |
|---|---|---|
| **(i)** | Tugann an bainisteoir orduithe agus bíonn sé/sí ag súil go ndéantar dá réir gan cheist. | |
| **(ii)** | Spreagann an bainisteoir cumasú na bhfostaithe. | |
| **(iii)** | Cuirtear muinín sna fostaithe go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais gan a bheith faoi mhaoirseacht i gcónaí. | |
| **(iv)** | Déanann an bainisteoir na cinntí go léir gan dul i gcomhairle leis na fostaithe. | |


**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le gnó a leathnú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**4.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | **Ráiteas** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| **(i)** | Tá dliteanas neamhtheoranta ag trádálaí aonair. | |
| **(ii)** | Is féidir 149 scairshealbhóir ar a mhéad a bheith ag cuideachta phoiblí theoranta. | |
| **(iii)** | Is faoi úinéireacht agus faoi rialú an rialtais a bhíonn comharchumann. | |
| **(iv)** | Is féidir ó 2 go 20 comhpháirtí a bheith ag gnólacht comhpháirtíochta. | |

**5.** Líon isteach leibhéal 3 agus leibhéal 4 d'**Ordlathas Riachtanas Maslow**.




**6.** **(i)** Mínigh an téarma gné uathúil dhíolacháin (***USP***).

Freagra:

**(ii)** Ainmnigh táirge agus USP an táirge sin.


**7.** Líon isteach na tascanna atá ar iarraidh chun próisis earcaíochta agus roghnúcháin Bhainisteoir na nAcmhainní Daonna a chomhlánú san **ord ceart**:

**Teistiméireachtaí a sheiceáil**

**Iarratasóirí a scagadh**

**Sonraíocht faoin bpearsa**

**Iarratasóirí a chur faoi agallamh**




**8.** Cuir ciorcal thart ar **an rogha cheart** i n**gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Ní mór d'fhostaithe fógra **seacht / deich** lá a thabhairt dá bhfostóir faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch.

**(ii)** Nuair a iarrann fostaithe ardú pá de bharr méadú ar bhoilsciú a bheith ann is éard a thugtar air sin ná éileamh **táirgiúlachta / costas maireachtála**.

**(iii)** Déanann IBEC ionadaíocht thar ceann **gnólachtaí / fostaithe**.

**(iv)** Is éard atá i bhFeirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) ná **grúpa sainleasa / ceardchumann**.

**9.** Meaitseáil na híomhánna leis an **straitéis phraghsála** cheart ón liosta thíos.
(Tá straitéis phraghsála amháin díobh nach bhfuil á taispeáint.)

**Praghsáil Bhisigh** **Idirdhealú Praghsanna** **Praghsáil Fódaithe**

<table>
<tr>
<td>
</td>
<td><br>**iPhone 13**<br>scáileán 6.1-orlach ó €929</td>
</tr>
<tr>
<td>**(i)**</td>
<td>**(ii)**</td>
</tr>
</table>

**10.** Dréachtaigh an meamram a chuir Tina Uí Dhúgáin, Bainisteoir TF, **ar dháta an lae inniu** chuig gach fostaí á mheabhrú dóibh go gcaithfear pasfhocail logála isteach an chórais a athrú faoi Dé hAoine, 23 Meitheamh 2023.

**Meamram**

**Chuig:** ____________________________

**Ó:** ____________________________ **Dáta:** ______________________

**Maidir le:**__________________________________________________________________

__________________________________________________________________

__________________________________________________________________

__________________________________________________________________

**Arna shíniú ag**: _________________________ **Teideal:** ______________________

**11.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart an **polasaí de chuid an Aontais Eorpaigh** a ndéantar cur síos air i ngach ráiteas ar leith.

| Ráiteas | An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) | An Comhbheartas Iascaigh (CFP) | Cairt Shóisialta an AE | Polasaí Iomaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Tá ceart ag saoránaigh an AE chun cónaí agus oibriú in aon tír de chuid an AE. | | | | |
| Faigheann feirmeoirí Aoníocaíochtaí Feirme chun cabhrú leo a n-ioncam a fhorlíonadh. | | | | |
| Déantar monatóireacht ar gach cumasc agus táthcheangal gnó. | | | | |
| Stoic iasc a chaomhnú in uiscí AE is aidhm leis seo. | | | | |

**12.** Meaitseáil an míniú leis an nGníomhaireacht Stáit cheart ón liosta thíos.

**Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)** **Fáilte Éireann** **GFT Éireann (IDA)**

| Míniú | Gníomhaireacht Stáit |
|---|---|
| Cuireann tionscal turasóireachta na hÉireann chun cinn ar fud an domhain. | |
| Cuireann dreasachtaí éagsúla ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta chun iad a mhealladh lena ngnó a bhunú in Éirinn. | |
| Cuireann comhairle, cúnamh deontais etc. ar fáil d’fhiontraithe chun cabhrú leo a bhfiontair a bhunú. | |

**13.** Críochnaigh na **tosca táirgeachta** atá ar iarraidh.

| | |
|---|---|
| 1. Talamh | 2. _______________ |
| **Tosca Táirgeachta** | |
| 3. _____________ | 4. Fiontraíocht |

**14.** Seo thíos cóip den **Réamhaisnéis um Shreabhadh Airgid** le haghaidh Theach Aíochta Uí Dhuibhir do na chéad thrí mhí de 2023.

| | **Eanáir** € | **Feabhra** € | **Márta** € |
|---|---|---|---|
| **Iomlán na bhFáltas** | 15,500 | 26,000 | 28,000 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí** | 16,700 | 23,000 | 24,000 |
| **Airgead Glan** | (1,200) | **(i)** | 4,000 |
| **Airgead Tosaigh** | (1,500) | (2,700) | 300 |
| **Airgead Deiridh** | (2,700) | 300 | 4,300 |

**(i)** Ríomh an figiúr don Airgead Glan le haghaidh mhí Feabhra. Taispeáin do chuid oibre.

| | |
|---|---|
| Obair: | |
| **Freagra:** | |

**(ii)** Sainaithin mí ina bhfuil easnamh ag an teach aíochta. ___________________

**(iii)** Sainaithin mí ina bhfuil barrachas ag an teach aíochta. ___________________

**15.** Sa tábla thíos, is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1 agus is liosta de mhíniúcháin atá i gColún 2.

| **Colún 1: Téarmaí Gnó** | | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|---|
| **1.** Léasú | **A** | Iasacht fhadtéarmach ar ús seasta. |
| **2.** Rótharraingt Bhainc | **B** | Brabús gnó a ath-infheistítear sa ghnólacht. |
| **3.** Creidmheas Trádála | **C** | Sócmhainn a fháil ar cíos ar feadh tréimhse bliana go cúig bliana. |
| **4.** Bintiúr | **D** | Cuireann ar chumas shealbhóir an chuntais níos mó airgid a aistarraingt ná mar atá sa chuntas. |
| **5.** Scairchaipiteal | **E** | Airgead a sholáthraíonn infheisteoirí ar mhaithe le páirtúinéireacht /sciar den bhrabús a fháil. |
| | **F** | Stoc a cheannach anois agus íoc as ar dháta níos déanaí. |


Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoi uimhir an téarma gnó chuí thíos. Tá míniú amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.

| **Téarma Gnó** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Míniúchán** | | | | | |

# Freagarleabhar do Roinn 2

## Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2** ar cheistpháipéar ar leithligh.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua.  Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá leathanach amháin grafpháipéir sa Fhreagarleabhar seo.  Ar leathanach an ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo.  Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.  Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 15 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gnó

## Roinn 2
## Gnáthleibhéal

Déardaoin 15 Meitheamh Maidin 9.30 – 12.00

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**
**Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:
- Ceist **amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **amháin** as **Cuid 2**
- agus **dhá** cheist ar bith eile.

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 2 ar cómharc.**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | 300 marc |
|---|---|

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair ceithre cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,
Ceist **amháin** as **Cuid 2,**
agus **dhá** cheist ar bith eile.
**Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (75 marc).**

## Cuid 1

| Ceist 1 | Daoine sa Ghnó |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Ordaíodh do ghnólacht ionphlandaithe fiacla €55,000 a íoc le bainisteoir**

Ordaíodh do chuideachta ionphlandaithe fiacla sa Ríocht Aontaithe €55,000 a íoc le hiar-bhainisteoir díolachán Éireannach a dífhostaíodh go héagórach.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le dífhostú **cóir**. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. (10)



**(C)** Liostaigh **cúig** pháirtí leasmhara sa ghnó. (15)

**(D)** Mínigh an téarma **caidreamh comhoibritheach** agus tabhair breac-chuntas ar shampla amháin de chaidreamh chomhoibritheach idir bheirt pháirtí leasmhara. (15)

**(E)** Is féidir conradh dlíthiúil a fhoirceannadh ar na modhanna seo a leanas:

- Dírathú
- Sárú
- Comhaontú
- Feidhmíocht

Mínigh **trí cinn** de na modhanna sin, agus tú ag baint úsáid as samplaí. (20)

| **Ceist 2** | **An Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá an t-ardán comhroinnte físeán TikTok chun 1,000 post nua a chruthú in Éirinn mar chuid dá phleananna leathnaithe don todhchaí. D'fháiltigh GFT Éireann roimh an scéala. Timpeall 3,000 duine san iomlán a bheidh i líon foirne TikTok anseo nuair a fhostófar na daoine nua.

*Arna chur in oiriúint ó The Irish Times*

**(A)** Mínigh an téarma **cuideachta ilnáisiúnta** (MNC). (10)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhreasacht a úsáideann an Rialtas chun cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) a mhealladh go hÉirinn. (15)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** thairbhe a bhaineann geilleagar na hÉireann as méadú ar fhostaíocht. (15)

D'fhéadfadh boilsciú ard a bheith ann go ceann na mblianta.

*Arna chur in oiriúint ó The Irish Times*

**(D)** **(i)** Mínigh an téarma **boilsciú**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann ráta ard boilscithe i bhfeidhm ar chúrsaí gnó in Éirinn. (20)


Tá Starbucks liostaithe mar cheann de na gnólachtaí is eiticiúla ar domhan.

*Arna chur in oiriúint ó greencitizen.com*

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann gnólacht as bheith á iompar féin go heiticiúil. (15)

| | |
|---|---|
| **Ceist 3** | **An Timpeallacht Idirnáisiúnta** |

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




**(A)** **(i)** Úsáid an t-eolas thuas agus sainaithin an réigiún is mó a n-easpórtálann Éire chuige.

**(ii)** Luaigh **trí** shampla d'earraí/seirbhísí a easpórtálann Éire. (15)

**(B)** Ainmnigh **dhá** bhacainn trádála **agus** mínigh ceann **amháin** díobh. (15)

**(C)** Ba é €15.8 billiún Comhardú na nÍocaíochtaí ag Éirinn ó Deireadh Fómhair – Nollaig, 2022.

**(i)** Mínigh an téarma **Comhardú na nÍocaíochtaí**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a dtéann méadú in easpórtálacha i bhfeidhm ar Chomhardú na nÍocaíochtaí. (15)



In 2023 beidh Éire ag comóradh 50 bliain cothrom de bheith ina ball den Aontas Eorpach.

**(D)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar atá ann d'Éirinn as a bheith ina ball den Aontas Eorpach.

**(ii)** Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh Éirinn mar gheall ar a bheith ina ball den Aontas Eorpach. (20)

**(E)** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh. (10)

| Ceist 4 | Daoine sa Ghnó |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**Fadhbanna tomhaltóirí**

Cheannaigh Seán Mac Cárthaigh péire buataisí siúlóireachta ón siopa *Amuigh faoin Aer* in ionad siopadóireachta an Gheata. Nuair a chuir sé air arís sa bhaile iad, bhraith sé go raibh siad beagáinín míchompordach air agus d'fhill sé ar an siopa lena dtabhairt ar ais.

Dúirt an cúntóir díolachán leis go mbeadh air glacadh le Nóta Creidmheasa dá mba mhaith leis iad a thabhairt ar ais.

**(A)** **(i)** An gcaithfidh Seán glacadh leis an Nóta Creidmheasa? Mínigh do fhreagra.

**(ii)** Ainmnigh an dlí tomhaltóra atá i bhfeidhm. (20)

**(B)** Ainmnigh agus mínigh gníomhaireacht tomhaltóirí **amháin** a chabhraíonn le Seán tuilleadh eolais a fháil faoina chearta tomhaltóra. (15)




**Tá gníomhaíocht thionsclaíoch á bagairt ag SIPTU**

Tá baill SIPTU ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag bagairt gníomhaíocht thionsclaíoch i ndíospóid maidir le híocaíocht pá.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie Meán Fómhair 2022*

**(C)** Tabhair breac-chuntas **ar dhá** chúis le díospóidí tionsclaíocha, seachas pá, idir ceardchumainn agus fostóirí. (10)

**(D)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann.

**(ii)** Ainmnigh ceardchumann **amháin** eile in Éirinn, seachas SIPTU. (15)

**(E)** Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch:

- Rúnbhallóid
- Fógra Íosta
- Picéadú (15)

## Cuid 2

**Ceist 5** **Fiontraíocht / Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Siopa milseán 'pioc agus measc' ar líne is ea SweetKing a bhunaigh Nathan Adams i Meitheamh 2020. Chonaic Nathan bearna sa mhargadh le haghaidh siopa milseán ar líne le seachadadh tapa chuig doras an tí. Is iad Éire, an Bheilg, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe na tíortha óna bhfaigheann Nathan a chuid stoic. Tá sé tar éis a ghnó a leathnú isteach sa réimse miondíola.

*Arna chur in oiriúint ó examiner.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil fiontraíochta a léiríonn fiontraithe amhail Nathan. (15)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **rialú stoic**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbeadh rialú stoic tábhachtach do ghnólacht amhail SweetKing. (15)

**(C)** Ar na stíleanna ceannaireachta áirítear stíl Uathlathach, stíl Dhaonlathach agus Laissez-faire.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné d'**aon** stíl cheannaireachta ar bith a d'fhéadfadh Nathan a úsáid ina ghnólacht. (15)

**(D)** **(i)** Mínigh an téarma **tarmligean**.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** thairbhe atá ann do bhainisteoir de bharr an tarmligin. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a mbainfeadh SweetKing tairbhe as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT). (15)

| Ceist 6 | Bainistíocht |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Club Gailf na Plásóige

Fógra agus Clár

Tionólfar **CGB (AGM)** Chlub Gailf agus Bialann na Plásóige ar an 21 Samhain 2023 ar 8.00 p.m. sa Chlubtheach.



Clár

- **Miontuairiscí** CGB na bliana 2022
- Aon ní ag éirí astu
- Tuarascáil Chathaoirleach an Chlub
- Tuarascáil Chisteoir an Chlub
- Síneadh a chur leis an gClubtheach
- Táillí ballraíochta
- Toghchán oifigeach an chlub
- **AGE (AOB)**

Arna shíniú

*Pól Ó Cathmhaoil*
Pól Ó Cathmhaoil
Rúnaí

**(A)** Mínigh na **trí** théarma thuas a bhfuil líne fúthu. (15)

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhualgas ar rúnaí i gcomhair cruinniú de chlub.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhualgas ar chathaoirleach ag cruinniú. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhreithneoidh banc sula n-eiseoidh sé iasacht don chlub mar mhaoiniú chun síneadh a chur leis an gclubtheach. (15)

**(D)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** chineál árachais ba chóir a bheith ag Club Gailf na Plásóige. (15)

**(E)** Baineann **Measúnóirí** agus **Achtúirí** araon le cúrsaí árachais. Mínigh an ról atá ag ceann **amháin** díobh. (10)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

> Tá Lúsaí Chaomhánach tar éis tosú i bpost nua mar riarthóir párolla le PáirteannaPrasa Teo.
>
> Tuilleann sí tuarastal comhlán €40,000 in aghaidh na bliana.
>
> Tá €3,400 de chreidmheasanna cánach bliantúla aici.
>
> Íocann sí ÍMAT (PAYE) ar an ráta caighdeánach 20%.
>
> Is ionann ÁSPC (PRSI) agus 4% dá Pá Comhlán.
>
> Is ionann MSU (USC) agus 3% dá Pá Comhlán.

**(A)** Ríomh tuarastal glan bliantúil Lúsaí. Taispeáin do chuid oibre go léir. (20)

**(B)** Mínigh an téarma **ÍMAT (PAYE)**. (10)

> Mar chuid dá phacáiste chun fostaithe nua a mhealladh, tairgeann PáirteannaPrasa Teo. roinnt scéimeanna éagsúla luach saothair.
>
> Tuilleann ionadaithe díolachán ag PáirteannaPrasa Teo. coimisiún agus faigheann siad sochar comhchineáil mar chuid dá bpacáiste.

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a n-earcaítear fostaithe nua. (15)

**(D)** Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat**, coimisiún** agus **sochar comhchineáil**. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe do PáirteannaPrasa Teo. as luach saothair a thabhairt dá bhfostaithe. (15)

| **Ceist 8** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Cuireann an slabhra Éireannach de shiopaí caife, Insomnia, clár dílseachta ar fáil ar a dtugtar *Insomnia Treats* lenar féidir le custaiméirí creidmheasanna a bhailiú agus a fhuascailt ar gach earra de chuid Insomnia a cheannaíonn siad.

Is féidir le custaiméirí súil a choinneáil ar a gcuid tairiscintí ar aip *Insomnia Treats*. Déanann Insomnia an-chuid fógraíochta ar na meáin shóisialta.

*Arna chur in oiriúint ó Insomnia.ie*

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar thairbhe **amháin** a bhaineann le clár dílseachta mar mhodh curtha chun cinn díolachán.

**(ii)** Seachas clár dílseachta, tabhair breac-chuntas ar theicníc **amháin** eile le díolacháin a chur chun cinn a d'fhéadfadh siopa caife a úsáid chun a chuid díolachán a mhéadú.

(15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann leis na meáin shóisialta a úsáid chun Insomnia a fhógairt. (15)

**(C)** Luaigh trí **thoisc** ar chóir do ghnólacht amhail Insomnia iad a bhreithniú sula socraíonn sé na praghsanna ar a chuid táirgí. (15)


Feidhmíonn Insomnia mar shaincheadúnas. Tá Glenn Mac Cárthaigh ag smaoineamh ar shiopa caife a oscailt ina bhaile dúchais ach níl sé cinnte ar chóir dó feidhmiú go neamhspleách nó faoi shaincheadúnas.

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do Glenn Mac Cárthaigh a bhaineann le gnó a bhunú trí mhúnla saincheadúnais atá ar bun cheana féin. (15)

**(E)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé riachtanach do Glenn Plean Gnó a ullmhú. (15)

**Ceist 9** **Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



I-SPY

Gnólacht éadaí spóirt ar líne is ea *I-SPY* atá bunaithe in Éirinn agus a dhíolann raon d'éadaí ióga agus aclaíochta. Bhunaigh Luíse Nic Aogáin an gnólacht in éineacht lena máthair Paulette. Thug siad a bpaisean don aclaíocht, don stíl mhaireachtála agus don ióga le chéile chun an coincheap dá ngnólacht a chruthú.

*Arna chur in oiriúint ó ispy.com*

**(A)** Rinne Paulette agus Luíse deis ghnó de na rudaí a bhfuil spéis acu iontu.

Luaigh **dhá** fhoinse eile de smaointe gnó d'fhiontraithe. (10)

**(B)** Ainmnigh agus mínigh an **dhá** chineál taighde margaidh a d'fhéadfadh gnólacht amhail *I-SPY* a úsáid sula seolann siad a gcuid táirgí. (15)

**(C)** Is minic a dhéanann cuideachtaí éadaí amhail *I-SPY* a gcuid táirgí trí bhaisctháirgeadh.

**(i)** Mínigh an téarma **baisctháirgeadh**.

**(ii)** Liostaigh **dhá** mhodh táirgthe eile agus tabhair sampla de tháirge lena n-úsáidtear gach ceann de na cineálacha táirgthe sin. (20)

**(D)** Mínigh **dhá** cheann ar bith de na céimeanna thíos a bhaineann le próiseas forbartha táirge nua.

**(i)** Staidéar Féidearthachta

**(ii)** Forbairt Fréamhshamhla

**(iii)** Margaíocht Tástála (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán a bhíonn ann le linn gnólacht nua a thosú. (15)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht 2023 – Gnáthleibhéal

# Gnó – Roinn 2

Déardaoin 15 Meitheamh

Maidin 9.30 – 12.00